# Taisce faoi Thalamh

| Céim | Snáithe | Snáithaonad |
|---|---|---|
| 1 | Tomhais | Airgead |

| Torthaí Foghlama | Coincheapa Matamaitice |
|---|---|
| • Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann easacht ar airgead agus ar a úsáidí a fhorbairt. | • Is iad na míreanna airgid atá in úsáid in Éirinn ná an euro (€) agus an cent (c). |

| Matamaitic á Fhoghlaim |
|---|

Is é atá i gceist leis an eispéireas foghlama ilghnéitheach seo foghlaimeoirí a bheith ag tochailt le haghaidh bonn i dtobán beag lán le gaineamh, rís, lintilí nó pasta srl. Dearadh an ghníomhaíocht seo chun eolas ó thaithí ar airgead a fhorbairt sna foghlaimeoirí, trí iarraidh ar fhoghlaimeoirí na boinn a aimsíonn siad a bhreathnú, cur síos a dhéanamh orthu, iad a shórtáil agus a ordú. Roinneann na foghlaimeoirí a gcuid tuairimí faoi na boinn. Déanann siad imscrúdú ar na bealaí éagsúla ar féidir na boinn a shórtáil. Déanann siad taifead agus míniú ar na slite a bhíonn acu leis na boinn a shórtáil.

| Tuiscint agus Ceangal | Cumarsáid | Réasúnaíocht | Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna |
|---|---|---|---|
| *An foghlaimeoir* | | | |
| Aithníonn siad go bhfuil luachanna difriúla ag boinn. Scrúdaíonn siad an gaol idir méid agus luach airgeadaíochta an bhoinn. Idirghníomhaíonn agus comhoibríonn siad le piaraí chun boinn a aithint. | Míníonn agus cosnaíonn siad an straitéis a úsáidtear chun boinn a shórtáil agus déanann sé comparáid idir í agus straitéisí a bpiaraí. Léiríonn agus taifeadann siad conas a shórtáil siad na boinn | Áitíonn agus cosnaíonn siad a gcuid smaointeoireachta agus iad ag míniú conas a sórtáladh na boinn. | Déanann siad comparáid idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige lena bpiaraí. Déanann siad cur síos ar straitéis a bpiaraí agus cinneann siad na critéir a úsáideadhle haghaidh sórtála. |

Oide

| Matamaitic á Teagasc | |
|---|---|
| **Meon Táirgiúil a Chothú** | **Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic** |
| Cuir comhthéacs saibhir agus fiúntach ar fáil don fhoghlaim, trí naisc a dhéanamh idir an tasc agus taithí na bhfoghlaimeoirí ar bhoinn shórtála.<br><br>Spreag na foghlaimeoirí chun naisc a dhéanamh le gníomhaíochtaí sórtála roimhe seo. | Tabhair deiseanna d'fhoghlaimeoirí airgead a fhiosrú agus a thriail trí na boinn a fuair siad a úsáid chun críocha eile, m.sh., siopa, bialann. |

| Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil |
|---|
| Cuir rogha ábhar ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun taifead a dhéanamh ar an gcaoi ar réitigh siad na boinn ar bhealach a chiallaíonn rud éigin dóibh i.e. cláir bhána, dialann mhata, láimhseoga fíorúla. |

| Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid | Comhrá Mata a Chur Chun Cinn |
|---|---|
| Tabhair am d'fhoghlaimeoirí dul níos doimhne isteach sa tasc agus é a réiteach ar bhealaí éagsúla m.sh. Is iad 2c/5c/10c an bonn is mó/is lú a d'aimsigh muid.<br>Déan tuiscint na bpáistí a fhorbairt agus a dhoimhniú go cuí tríd an ngníomhaíocht a athdhéanamh ach boinn ar luach níos mó a úsáid nó trí iarraidh ar fhoghlaimeoirí na boinn a chun in ord ar uimhirlíne. | Cruthaigh timpeallacht shábháilte do leanaí lena gcuid smaointeoireachta, smaointe agus straitéisí a roinnt agus a mhalartú. (Ceithre Shaoirse Ronda)<br>Trí cheistiú straitéiseach, sciliúil a úsáid, spreag na foghlaimeoirí a gcuid smaointeoireachta a roinnt agus a straitéisí sórtála a mhíniú. m.sh. suim, méid, dath, meáchan srl. |

**Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic**

- An féidir le foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar roghnaigh siad na boinn a shórtáil?
- An féidir leis na foghlaimeoirí a gcur chuige i leith na boinn a chur in ord a mhíniú?
- Ar thug na foghlaimeoirí faoi deara cén bonn is is mó/is lú luach? Cuirtear é sin ina nDialann Mhatamaitice

**Foinse**

TomhaisLamhleabharanMhuinteora.pdf

Oide